Cúpla Focal

Cluainín Abú!

le Proinn Ó Duigneáin

Fógraíodh torthaí na gcomórtas a reachtáileann an eagraíocht náisiúnta Glór na nGael ar Radio na Gaeltachta ar an 1 Feabhra. B'é Inis Co an Chláir a bhuaigh an duais mhór ar fiú 50,000 euro é.

Bronnadh an chéad duais leibhéal a haon ar choiste Chluainín Uí Ruairc agus chomh maith leis sin b'é breithiúnas na moltóirí go raibh an duais don iontráil nua ab'fhearr buaite acu chomh maith. 4,000 euro in iomlán a bronnadh ar Chluainín. Níl aon dabht ná go ndeachaigh an méid dul chun cinn i leith na Gaeilge sa mbaile seo i bhfeidhm go mór ar gach ball de bhord stiúrtha Ghlór na nGael agus dúirt Seán Bán Breathnach a chuir an clár radio i láthair go raibh éacht déanta ag an gcoiste áitiúil agus go raibh sé i gceist aige clár speisialta a dhéanamh go luath ar stáid na Gaeilge i gCluainín. Ar ndóigh ba cheol é sin ar chluasa na ndaoine a bhfuil dlúthbhaint acu le forbairt na Gaeilge sa cheantar seo.

Bhí ceiliúradh beag tigh Heraghty an lá a bronnadh na duaiseanna. D'aithneofá ar a bpointe go raibh ríméad agus bród ar a raibh i láthair mar thuig siad go maith go raibh tionscadail curtha i gcrích agus spriocanna bainte amach acu taobh istigh de achar anghearr. Ar an gcéad dul síos tugadh faoi Gaelscoil a bhunadh. Léirigh cuid mhaith daoine idr dhuchasaigh agus eachtrannaigh a suim sa bhfeachtas seo. Tionóladh cruinnithe, cuireadh coiste ar bun, tóraíodh poiblíocht, scríobhadh litreacha agus altanna agus sa deireadh thiar tosaíodh ar scoil a thógáil. Beidh an foirgneamh nua seo in ord is in eagar an Fómhar seo chugainn nó b'fhéidir níos luaithe. Idir an dá linn, leanfar le teagasc na ngasúr thuas staighre i dteach tabhairne an Chaisleáin.

Ceann dena rudaí ba thábhachtaí a thárla i saol na teangan sa cheantar ná bunadh na ranganna Gaeilge do dhaoine fásta. Ní féidir áibhéil a dhéanamh ar a thábhachtaí atá an ghné seo de fhorbairt na teangan agus tá an-chreidiúint ag dul don mhúinteoir a thug uirthi féin an obair seo.

Rud eile a chuir moltóirí Ghlór na nGael san áireamh ná an taighde atá á dhéanamh ag an scoláire Phadraigín Uí hUallachachán ar thraidisiún na hamhránaíochta Gaeilge i gCo Liatroma.Táthar a súil go mbeidh an obair seo críochnaithe roimh dheireadh na bliana. Beidh seans againn go léir ansin, lucht Gaelscoile agus eile, blaiseadh dena hamhráin agus den cheol a shíolraigh ó mhuintir an réigiúin seo. Foilseachán fíor–thábhachtach a bhéas anseo ní hamháin ó thaobh chultúir an cheantair ach ó thaobh chultúir an náisúin Ghaelaigh chomh maith.

Le linn na bliana seo caite chomh maith cuireadh léarscáil Gaeilge den cheantar ar fáil, dearadh gréasán idirlíon de chomhlacht ceantalaíochta áitiúil agus i láthair na huaire tá brú á chur ar údaráis an chontae ag duine dár gcomhairleoirí comharthaí sráide i nGaeilge a chrochadh i gCluainín. Go n-éirí leis. Chuile sheans freisin go mbeidh naíonra ar an bhfód sul i bhfad. Mar sin coinnímis linn!

Buaiteoirí Tráth na gCeist sa cheathrú bliain i bPobalscoil Chora Droma Rúisc ar chlé : Claire Ní Chianáin, Elanor Ní Fhlannchaidh, Hannah Ní Shionduile, Paul Ó Mortáin agus an Príomhoide An tUasa Seosamh Ó Floinn.

1.65 milliún cainteoirí Gaeilge

Liam Heffernan

David McWilliams

Joe Duffy

Barney McKenna

Usáid do theanga

Mallachtaí

Ón leabhair 500 Mallacht ort
le Breandán ac Gearailt www.coisceim.ie

Nár fhan screatal na ngrást agat
May you lose everything

Gur é scrimh t-inge do chuid
May that your entire lot consist only of fingernail scrapings

Go mbír gan lón gan charad
May you be without lunch or a friend

Go mbír gan fáltas puinn
May you have little or no wealth

Beannachhtaí

Ón leabhair 500 Beanncht
le Breandán ac Gearailt www.coisceim.ie

Múchadh feirge id fhreagra
May your answers quell anger

Am agus ionú agat
May you have both time and opportunity

Go méadaí Dia do stór
May God increase your wealth

Ná thaga ort brón sceon ná geon
May you not suffer sadness, fright nor pain

Searabhas Uí Ruairc

Nuair atá smacht ar an reachtaíocht ar dhíol is cheannacht
Siad na céad rudaí a ndíolfar is a gceannófar ná na reachtathóirí
When buying and selling are controlled by legislation the first thing to be bought and sold is the legislators

Sén t-iasc an taon bhia a bhíonn lofa nuair a eascraíonn boladh, an rud is ann di, uaithi
Fish is the only food that is considered spoiled once it smells like what it is.

Bíodh ábhar id lámha a chuirfeadh cuma mhaith ort dá bhfaighfeá bás is tú fós á léamh
Always read stuff that will make you look good if you die in the middle of it.

Sinne na taon ainmhithe a thógann leannaí ar an saol d'aon ghnó seachais na Gupaithe agus itheann siadsan a gcinn.
Humans are the only animals that have children on purpose with the exception of Guppys, who like to eat theirs.

An baoth fhocal

Ní cháinim moltóirí riamh agus nílim chun dea-nós a athrú don leibide seo.
I never criticise referees and I'm not going to change a habit for that prat. - Ron Atkinson

Cad a dheinfidh tú, Jack, Nuair a éiríonn tú as peile. An bhfanfaidh tú le peile?
What will you do when you leave football, Jack, will you stay in football - Stuart Hall, (radio 5 live commentator)

Níor thuig ach fear amhán mé riamh, agus níor thuig seisean mé ach oiread
"Only one man ever understood me, and he didn't understand me." - G.W. Hegel (philosopher)

Tá rud amhán do-dhéinte do Dhia; sé sin tuiscint éigin a bhaint as dlíeanna chóipcheart na cruinne.
"Only one thing is impossible for God: To find any sense in any copyright law on the planet." Mark Twain. -